



An Bhruiséil, 17.5.2018
SWD(2018) 182 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena mbunaítear timpeallacht Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Eorpaigh agus lena
n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE**

{COM(2018) 278 final} - {SEC(2018) 230 final} - {SWD(2018) 181 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair maidir le Togra do Chomhshaol Ionaid Ilfhreastail Mhuirí na hEorpa

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Tá comhshaol tuairiscithe na linne seo do longa thar a bheith neamhéifeachtach de bharr neamh-chomhchuibhithe, tuairisciú a bheith á iarraidh trí mheán ilphointí iontrála agus leibhéal ísle comhroinnt sonraí taiscthe (is minic a iarrtar ar oibreoirí loingseoireachta na sonraí céanna a thaisceadh le roinnt údarás). Is amhlaidh, anuas air sin, go bhfuil an tuairisciú tar éis éirí ina thasc trom ar oibreoirí loingseoireachta. **Caitear timpeall 4.6 milliún uair foirne ar an tuairisciú gach aon bhliain san AE** le féidearthacht mhór do laghdú an ualaigh riaracháin.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Is é is aidhm leis an togra comhshaol tuairiscithe fíor-chomhchuibhithe, simplithe agus cuimsiteach a bhunú. Ba chóir go dtreiseodh an méid sin an margadh aonair, go bhfeabhsódh sé iomaíochas an iompair mhuirí, agus go gcuirfeadh sé le slabhra iompair ilmhódach digiteach.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Tá gá le gníomh dlíthiúil ag leibhéal AE chun comhshaol tuairiscithe comhchuibhithe a chruthú. Ní dócha go n-éireoidh le beartais arna bhforbairt agus arna gcur i bhfeidhm ar leibhéal idirnáisiúnta ná náisiúnta comhchuibhiú a bhaint amach sa réimse seo.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Is iad na roghanna atá á mbreithniú:

- A) Sonraíochtaí teicniúla ceangailteacha chun geataí tuairiscithe comhchuibhithe (tosaigh) leis na hIonaid Ilfhreastail Náisiúnta (NSWanna) a bhaint amach trí raon faisnéise cuimsitheach (rogha A1) nó raon faisnéise teoranta (rogha A2);
- B) Réiteach TF comónta do chompháirt tosaigh an gheata thuairiscithe i ngach aon NSW le raon faisnéise cuimsitheach (rogha B1) nó teoranta (rogha B2);
- C) Geata tuairiscithe lárnach d'Ionad Ilfhreastail Mhuirí bunaithe ag leibhéal AE, le raon faisnéise cuimsitheach (rogha C1) nó teoranta (rogha C2).

Ar an mbunús go nglacann geallsealbhóirí leis, na héifeachtachta, na costéifeachtúlachta, na rioscaí agus an chomhtháthaithe, **is í B1 an rogha tosaíochta a mholtar.**

Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Tá an tionscnamh tar éis tacaíocht láidir a fháil ó na príomhghrúpaí is geallsealbhóirí. Is iondúil gur fearr le cuideachtaí loingseoireachta agus gníomhairí loingseoireachta raon feidhme cuimsitheach agus réiteach láraithe mar ráthaíocht don chomhchuibhiú. Bíonn an chuid is mó de na Ballstáit i bhfabhar an raoin fheidhme chuimsithigh agus réitigh dhíláráithe (comhchuibhiú thosach na NSWanna).

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Is é an príomhthairbhe é an laghdú suntasach 'an ualach riaracháin d'oibreoirí loingseoireachta: coigilteas idir **22-25 milliún uaireanta foirne** sna blianta 2020-2030 de **luach 625-720 milliún EUR**. Méadófar iomaíochas an iompair mhuirí leis an ualach laghdaithe agus leis an éifeachtúlacht fheabhsaithe, le tionchar dearfach ar phoist, fás agus astaíochtaí CO2 laghdaithe. Is iad na tairbhí eile a bhfuiltear ag súil leo méadú ar éifeachtúlacht (ilmhódach) mar thoradh ar úsáid níos fearr sonraí sna calafoirt; sástacht mhéadaithe leis na poist agus meallacht níos airde na gairme; méadú ar shábháilteacht agus slándáil.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Baineann na príomhchostais le forbairt agus le hoiriúnú bogearraí; agus le costais oibriúcháin bhliantúla lena n-áirítear nuashonruithe bogearraí rialta. Is ionann na costais mheasta iomlána do na blianta 2020-2030 agus **29.4 milliún EUR (MS + COM)**.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

An t-ualach riaracháin laghdaithe agus an tuairisciú simplithe; scaoilfidh siad le hacmhainní foirne, ag tabhairt breisluacha go speisialta do FBManna.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Is ionann an meánchostas measta in aghaidh an Bhallstáit agus 1.15 milliún EUR i dtaobh na mblianta 2020-2030. Áirítear leis sin infheistíochtaí aonuaire agus costais bhliantúla.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Líon

D. Iarobair**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Tionscnófar meastóireacht ar na tionchair 5 bliana tar éis forfheidhmithe. Reáchtálfar nuashonruithe rialta i gcomhréir leis na forbairtí dlíthiúla agus teicniúla.